Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15916/25**

**STATIS 94**
**SOC 806**
**DELACT 179**
**SAN 774**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 7801 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 21.11.2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú le haghaidh ábhar *ad hoc* 2027 'Meabhairshláinte agus folláine mheabhrach' i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 7801 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 7801 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.11.2025
C(2025) 7801 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 21.11.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú le haghaidh ábhar *ad hoc* 2027 'Meabhairshláinte agus folláine mheabhrach' i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1700[1] bunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí. Ceadaítear leis don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear líon agus teideal athróga na dtacar sonraí éagsúil. De réir Airteagal 6(2), níor cheart go rachadh líon na n-athróg a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe thar 5 % de líon na n-athróg do gach fearann atá á éileamh cheana féin ag an gCoimisiún (Eurostat) tráth theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1700.

Thar thréimhse 6 bliana, is iad seo a leanas an méid a sholáthróidh fearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála:

(a) bunsonraí; (b) sonraí 3 bliana agus 6 bliana; agus (c) sonraí maidir le trí ábhar *ad hoc*.

De réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 ón gCoimisiún[2], is é ‘Meabhairshláinte agus folláine mheabhrach’ an t-ábhar *ad hoc* i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála a bhfuil sonraí ina leith le bailiú in 2027.

### 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta i réimse an staidrimh shóisialta le linn cruinniú de chuid an ghrúpa saineolaithe maidir le liosta na n-athróg atá le cur san áireamh sa ghníomh tarmligthe. Chuathas i gcomhairle le Stiúrthóirí Eorpacha um Staidreamh Sóisialta i mí an Mheithimh 2025. I mí na Samhna 2024 agus i mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2025 chuathas i gcomhairle le comhaltaí an Ghrúpa Oibre um Ioncam agus Dálaí Maireachtála. Chuathas i gcomhairle le comhaltaí an tascfhórsa ‘forbairtí modheolaíochta SIDM-AE’ i mí Feabhra 2025.

Chuathas i gcomhairle freisin leis an ngrúpa saineolaithe ‘Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh’. Choinnigh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon ar an eolas maidir leis na comhairliúcháin.

### 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don Rialachán tarmligthe seo líon agus teideal na n-athróg le haghaidh ábhar *ad hoc* 2027 a ghlacadh dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1700.

In éineacht leis na hathróga bliantúla a áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2242, ní rachaidh líon na n-athróg a bheidh le bailiú in 2027 thar 5 % de líon na n-athróg a bailíodh i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála tráth theacht i

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle (IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj).

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí phleanáil rollach ilbhliantúil a bhunú (IO L 54, 26.2.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/256/2024-12-31).

bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1700. Comhlíonann an méid sin an ceanglas in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700.

Níl aon impleacht ag an ngníomh tarmligthe maidir le buiséad an Aontais.

Baineann an gníomh tarmligthe le hábhar a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus, dá bhrí sin, ba cheart a chur i bhfeidhm a leathnú chun LEE a chumhdach.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21.11.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú le haghaidh ábhar *ad hoc* 2027 'Meabhairshláinte agus folláine mheabhrach' i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Soláthraíonn fearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Seimeastar Eorpach[2] agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[3], go háirithe maidir le dáileadh ioncaim, leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta. Tá faisnéis ar fáil ann freisin le haghaidh beartais éagsúla eile de chuid an Aontais a bhaineann le dálaí maireachtála agus leis an mbochtaineacht. Tá an t-ábhar *ad hoc* atá le bailiú in 2027 maidir le 'Meabhairshláinte agus folláine mheabhrach' ríthábhachtach d'fhonn tionscnamh an Aontais Sláinte Eorpaigh a chur chun feidhme[4], tionscnamh lena n-aithnítear gur dlúthchuid den tsláinte í an mheabhairshláinte. Ba cheart staidreamh agus táscairí nua a fhorbairt agus a leabú de réir a chéile i gceapadh beartas chun saincheisteanna amhail neamhionannais, sláinte fhisiceach agus mheabhrach a chur san áireamh agus chun tionchar na ngníomhaíochtaí agus an chistithe a mheas.

---

1 IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj.

2 Is é an Seimeastar Eorpach creat an Aontais Eorpaigh chun beartais eacnamaíocha agus shóisialta a chomhordú agus chun faireachas a dhéanamh orthu.

3 D'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta in 2017 ag Cruinniú Mullaigh Göteborg. Leagtar amach sa Cholún 20 príomhphrionsabal ar eiseamláir iad atá dár dtreorú i dtreo Eoraip láidir shóisialta atá cothrom, ionchuimsitheach agus lán deiseanna sa 21ú haois.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'An tAontas Sláinte Eorpach: ag gníomhú le chéile ar mhaithe le sláinte daoine', COM(2024) 206 final.

(2) Níor cheart líon na n-athróg a bheidh le bailiú dul thar 5 % os cionn líon na n-athróg a bailíodh maidir le fearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála tráth a tháinig Rialachán (AE) 2019/1700 i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh líon agus teideal na n-athróg i bhfearainn an ioncaim agus na ndálaí maireachtála a mhéid a bhaineann le hábhar *ad hoc* 2027 maidir le 'Meabhairshláinte agus folláine mheabhrach'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21.11.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*